Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Aibreán 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0123(COD)**

**7045/20**
**COR 1**

**CODEC 222**
**TRANS 140**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil iompair de bhóthar **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle a ghlacadh |

In ST 7045/20 INIT, léitear mír 7 ar leathanach 2 mar a leanas:

7. In éagmais cruinnithe de chuid na Comhairle agus i bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun:

– an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht**rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil iompair de bhóthar** mar a leagtar amach in 5115/20 agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 5115/20 ADD 1 a ghlacadh.